

# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuáiocht agus fógraí  
as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

27 BEALTAINE 2021



## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minice sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir. Le páirt a ghlacadh nó le breis eolais a fháil faoin scéim, déan teagmháil le optchois fharráige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bígí i dteagmháil linn!!



## GLAN SUAS NA FORBACHA

Tá Cumann Iománaíochta Bearna Na Forbacha ag lorg cúnaimh ag an deireadh seachtaine le 'Glan Suas na Forbacha'. Cuirfear tús leis an nglanadh suas ar an Aoine 28ú @ 7:15i.n ag Páirc na bhForbacha. Cuirfear láimhíní, málaí agus trealamh cuí eile ar fáil. Iarrtar ar an bpobal tacaíocht a thabhairt ach srianta sóisialta a leanacht ar ndóigh. Tús maith, leath na hoibre!



## BRIDGE BARKER AINMNITHE MAR OIBRÍ DEONACH NA BLIANA

Tá Bridge Barker ainmnithe ag Cumann Forbartha Chois Fharráige le haghaidh Gradam an Chathaoirligh mar Oibrí Deonach na Bliana a bhíonn á reáchtáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Mar gheall ar an obair iontach atá ar bun ag Bridge agus coiste beag tacaíochta ag eagrú Traidphicnic sa Spidéal chuile bhliain le deich mbliana anuas a ainmníodh í don ghradam. Tá cónaí ar Bhrídge i Leitir Mór na Coille sa seanteach inár tógadh a hathair agus cé gur tógadh Bridge i Sasana tá togha na Gaeilge foghlamtha aici ó tháinig sí go Conamara. Cinntíonn sí go mbíonn an Ghaeilge lárnach i gcónaí le linn Traidphicnic. Beidh Traidphicnic 2021 ar bun ar líne i mbliana mar a bhí anuraidh de bharr srianta Covid. Beidh sraith seisiúin den scoth á chur amach le linn an chéad deireadh seachtaine i mí Iúil.

## FOLÚNTAS AG COMHARCHUMANN SAILEARNA

Tá Comharchumann Shailearna ag lorg bainisteoir cúnta faoi oiliúint. Beidh an té a cheapfar lonnaithe san oifig i Seanscoil Sailearna sna hAille. Duine cruthaitheach, tionscantaigh atá uathu. Tá tuilleadh eolais le fáil ag [www.cst.ie](http://www.cst.ie) nó trí theachtaireacht a sheoladh chuig [sailearna@gmail.com](mailto:sailearna@gmail.com). Ní mór litir iarratais chomh maith le CV agus sonraí teagmhála de bheirt mholtóirí, a sheoladh chuig Bainisteoir CST faoin 5i.n ar an 11/6 le hiarratas a dhéanamh.

## SCOLÁIREACHTAÍ PRINTÍSEACHTA

Tá scoláireachtaí, ar fiú €2,000 an ceann iad á gcur ar fáil ag Udarás na Gaeltachta do phrintísigh ón nGaeltacht chun tacú leo ceird nua a fhoghlaim. Seo ceann de na scéimeanna is rathúla a reáchtáil an tUdarás. Is iomaí duine sa nGaeltacht a bhfuil cáilíocht mhaith bainte amach acu tríd an scéim seo agus a ngnó féin tosaithe ag cuid mhaith acu. Aithnítear réimse an-leathan printíseachtaí difriúla idir Bithchógais (Biomedical) agus Teicneolaíochtaí Faisnéise (I.T.), chomh maith leis na printíseachtaí traidisiúnta ar nós pluiméireachta, siúinéireachta, meicneoireachta agus leictreoireachta, ceirdeanna a mbeidh éileamh de shíor orthu. Faoin scoláireacht tugtar cabhair airgid don phrintíseach agus don chomhlacht/chonraitheoir lena bhfuil sé/sí fostaithe. Glacfar le hiarratais ó dhaoine Gaeltachta le líofacht Ghaeilge go dtí an Aoine, 4 Meitheamh. Is féidir tuilleadh eolais chomh maith le foirm iarratais a fháil ach dul chuig [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie).

## GLASRAÍ AGUS PLANDAÍ ÓN NGARRAÍ GLAS

Tá an Siopa Beag atá ag an nGarraí Glas ar thaobh an bhóthair in Indreabhán ar oscailt le cúpla seachtain anuas. Chomh maith le glasraí, a fhasann Aengus Ó Coistealbha go horgánach, tá raon leathan plandaí atá réidh le cur sa talamh nó i dtollán anois ar díol aige chomh maith.



## RÚNDA SA SPIDÉAL

Tá **Rúnda**, siopa caifé soghluaiste nua, oscailte sa Spidéal. Tá an siopa nua lonnaithe laistiar den siopa bearbóra sa Spidéal. Beidh Rúnda oscailte chuile Déardaoin agus Aoine idir 8-3i.n. agus ón 9- 4i.n. ar an Satharn agus an Domhnach. Is féidir caifé, cácaí agus réimse leathan greamanna blasta a fháil ann.



## FOLÚNTAS: COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltachta sa tóir ar Mhúinteoir Luathbhlianta i Ros an Mhíl. Ní mór d'iarthóirí cáilíocht Leibhéal 5 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu agus taithí ar a bheith ag obair le páistí faoi chúig bhliana d'aois, chomh maith le taithí ar a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost. Is féidir litir iarratais agus CV, chomh maith le cóip de do chuid cáilíochtaí a sheoladh chuig am@cng.ie roimh an Aoine 11 Meitheamh. Tá tuilleadh eolais le fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha ag 091 595 337.


## CAMPAÍ SAMHRAIDH MICHEÁL BREATHNACH

Beidh campaí samhraidh á reáchtáil ag Cumann Micheál Breathnach i rith an tsamhraidh. Ní mór a bheith mar bhall den chumann le freastal ar na campaí agus glacfar le 90 rannpháirtí. Beidh campa peile ar siúl ón 28 Meitheamh - 2 Iúil agus an campa iomána ar an 5-9ú Iúil. Do ghasúir idir 6-15 atá na campaí. Tá an t-eolas faoi na campaí chomh maith leis an bhfoirm chláráithe ar fáil ar a gcuntas Facebook: Micheál Breathnach. Ní ghlacfar le híocaíochtaí ag na campaí. Ní mór a chinntiú go bhfuil ainmneacha as Gaeilge, dátaí breithe agus sonraí na rannpháirtithe cruinn. €50 atá ar na campaí.



## ACHAINÍ DÉANTA AG NA HOIFIGH PLEANÁLA TEANGA

Tá achainí déanta ag Oifigh Pleanála Teanga na tíre ar Airí na Gaeltachta le cinntiú go mbeidh seirbhísí i nGaeilge ar fáil ón stát ag pobal na Gaeltachta. I bhfíseán a d'fhoilsigh na hOifigh Pleanála Teanga, tá éileamh déanta acu go gcuirfear foráil dhireach sa mBille Teanga a chinnteodh go mbeadh an ceart bunúsach seo ar fáil do mhuintir na Gaeltachta. Pléadh an cheist nuair a chas na hOifigh leis an Aire Stáit Chambers níos luaithe i mbliana agus léiríonn an físeán an tábhacht atá le tacaíocht an stáit ina leith seo. Is féidir breathnú ar an bhfíseán ar YouTube: Seo í An Ghaeltacht agus ar na meáin shóisialta.



## SEO Í AN GHAELTACHT

Ba mhaith le hOifigh Pleanála Teanga na tíre cloisteáil uaibh! Bain úsáid as an haischlíob #SeoÍAnGhaeltacht le grianghraf/físeán/amhrán/dán ar na meáin shóisialta le rá linn céard is brí leis an nGaeltacht duitse, nó céard é an rud is fearr leat faoin nGaeltacht. Beidh málaí féiríní á mbronnadh ar na hiontrálaithe is fearr agus tá mórdhuais de €1000 don úsáid is fearr den haischlíob le linn na seachtaine 9-16 Meitheamh. Ná déan dearmad clibeáil a dhéanamh orainn nó teagmháil a dhéanamh linn ag [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com)



Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com)

## TÓRAÍOCHT TAISCE

Tá Tóraíocht Taisce don Teaghlach á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcomhpháirt le Cruinniú na nÓg. Spreagtar an teaghlach spaisteoireacht a dhéanamh cois trá, cois locha, ar an bportach, ar shliabh, i gcoill, i ngleann nó ag láthair oidhreachta agus taifead a dhéanamh ar an méid a fheictear - éanacha, bláthanna, crainnte, ainmhithe, feithidhí agus gnéithe áille an nádúir. Iarrtar ar na teaghlaigh grianghraf nó dhó a ghlacadh agus iad a sheoladh chuig 087 376 2941 ar WhatsApp. Cuirfear na Tóraíochtaí Taisce ar fad - na liostaí, grianghraf agus ainm an teaghlaigh ar líne ag [www.tuismitheoiri.ie](http://www.tuismitheoiri.ie) de réir mar a thagann siad isteach. Scaipfear ar na meáin shóisialta iad - #TóraíochtTaisce - mar chuid de Chruinniú na nÓg ar an 12 Meitheamh 2021.

